

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2026
(OR. en)**

11011/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0186 (NLE)**

**JAI 872
FRONT 123
ASILE 60
MIGR 176
COEST 503
SOC 425**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	26 Meitheamh 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 345 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach, mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382, go dtí an 4 Márta 2028

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 345 final.

Faoi iamh: COM(2026) 345 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.6.2026
COM(2026) 345 final

2026/0186 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach, mar a tugadh isteach le Cinneadh
Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382, go dtí an 4 Márta 2028**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

An 4 Márta 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382¹ agus rinne sí Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 (an ‘Treoir um Chosaint Shealadach’)² a ghníomhachtú le haghaidh catagóirí áirithe³ daoine a easáitíodh an 24 Feabhra 2022 nó dá éis sin, mar thoradh ar an ionradh míleata a rinne fórsaí armtha na Rúise ar an Úcráin a thosaigh ar an dáta sin. De bhun Airteagal 4(1) den Treoir um Chosaint Shealadach, bliain amháin is ea ré tosaigh na cosanta sealadaí, agus féadfar í a fhadú go huathoibríoch ar feadh tréimhsí 6 mhí suas le bliain amháin ar a mhéad. Cuireadh síneadh bliana leis an gcosaint shealadach go huathoibríoch go dtí an 4 Márta 2024.

De bhun Airteagal 4(2) den Treoir um Chosaint Shealadach, i gcás ina mbeidh na cúiseanna le cosaint shealadach fós ann, féadfaidh an Chomhairle a chinneadh síneadh suas le bliain amháin a chur leis an gcosaint shealadach, le tromlach cáilithe agus ar thogra ón gCoimisiún, a dhéanfaidh scrúdú freisin ar aon iarraidh ó Bhallstát go gcuirfeadh sé togra faoi bhráid na Comhairle. Cuireadh tréimhsí breise bliana amháin leis an gcosaint shealadach, go dtí an 4 Márta 2025 ar dtús⁴, agus ansin go dtí an 4 Márta 2026⁵ agus dá éis sin go dtí an 4 Márta 2027⁶.

Tá dhá chuspóir leis an togra seo. Ar an gcéad dul síos, síneadh bliana amháin eile a chur leis an gcosaint shealadach a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 ón gComhairle. Beidh sé d’éifeacht aige sin go leanfar de chosaint shealadach a thabhairt i leith na gcatagóirí daoine a shainaithnítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 ón gComhairle, le haghaidh na tréimhse ón 5 Márta 2027 go dtí an 4 Márta 2028. Ar an dara dul síos, tá sé d’aidhm ag an togra an chosaint shealadach a ailíniú le cumas foriomlán na hÚcráine í féin a chosaint ar chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise. Dá bhrí sin, tá sé

¹ CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d’insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d’éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach.

² TREOIR 2001/55/CE ón gCOMHAIRLE an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeán íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit ó thaobh na daoine sin a ghlacadh agus ó thaobh déileáil leis na hiarmhairtí a thagann as sin.

³ Le hAirteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 ón gComhairle, foráiltear go mbeidh feidhm ag an gcosaint shealadach maidir le (a) náisiúnaigh den Úcráin a bhí ina gcónaí san Úcráin roimh an 24 Feabhra 2022; (b) daoine gan stát, agus náisiúnaigh tríú tíortha seachas an Úcráin, a thairbhígh de chosaint idirnáisiúnta nó de chosaint náisiúnta choibhéiseach san Úcráin roimh an 24 Feabhra 2022; agus, (c) baill teaghlaigh na ndaoine dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b). Cuirfidh na Ballstáit an Cinneadh seo i bhfeidhm nó cuirfidh siad cosaint leordhóthanach i bhfeidhm faoina ndlí náisiúnta, i ndáil le daoine gan stát, agus náisiúnaigh tríú tíortha seachas an Úcráin, ar féidir leo a chruthú go raibh cónaí orthu go dleathach san Úcráin roimh an 24 Feabhra 2022 ar bhonn cead buanchónaithe bailí arna eisiúint i gcomhréir le dlí na hÚcráine, agus nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh faoi dhálaí sábháilte marthanacha.

⁴ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2409 ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2023 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 (europa.eu).

⁵ [Cinneadh Cur Chun Feidhme \(AE\) 2024/1836 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2024 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme \(AE\) 2022/382 \(europa.eu\)](#)

⁶ [Cinneadh Cur Chun Feidhme \(AE\) 2025/1460 ón gComhairle an 15 Iúil 2025 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme \(AE\) 2022/382 \(europa.eu\)](#)

beartaithe nach ndeonófar cosaint shealadach mar riail do dhaoine a fhágann an Úcráin ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus nach féidir leo a léiriú go bhfuil siad údaraithe ag údarais na hÚcráine leis an Úcráin a fhágáil i gcomhréir lena n-oibleagáidí míleata.

Tá an staid as ar eascair gníomhachtú na cosanta sealadaí fós ann agus, dá bhrí sin, tá gá le síneadh breise.

Ó bhí mí Aibreáin 2026 ann, tá breis agus 4,4 milliún duine a easáitíodh ón Úcráin⁷, ar mná iad thart ar 58 % díobh, a bhfuil cosaint shealadach acu san Aontas Eorpach faoi láthair⁸. Ó thaobh aoise de, is mionaoisigh iad beagnach 30 % den ghrúpa iomlán (mná agus fir araon). An líon tairbhíthe cosanta sealadaí i mBallstáit an Aontais, lean sé de bheith réasúnta cobhsaí agus thart ar 4,3 milliún acu ann, agus méadú beag air (ó 4,21 milliún i mí Aibreáin 2024 go dtí 4,26 milliún i mí an Mhárta 2025 go 4,37 milliún i mí Aibreáin 2026). Is iad an Ghearmáin, an Pholainn agus an tSeicia fós na Ballstáit a bhfuil an líon is mó tairbhíthe cosanta sealadaí á n-óstáil acu (beagnach 1,28 milliún sa Ghearmáin, thart ar 970 000 sa Pholainn, agus os cionn 380 000 sa tSeicia). Ó rinneadh an Treoir um Chosaint Shealadach a ghníomhachtú, tá iarrachtaí móra déanta ag na Ballstáit tacú le daoine a easáitíodh ón Úcráin ionas go mbeidh sé níos éasca dóibh páirt a ghlacadh i sochaithe óstacha, córais oideachais agus oiliúna san áireamh, agus sa mhargadh saothair. Ina theannta sin, lean siad dá n-iarrachtaí an acmhainneacht ghlactha agus an phleanáil theagmhasach a mhéadú. Tá gné láidir dlúthpháirtíochta fós ag baint le freagairt an Aontais ar fhogha na Rúise faoin Úcráin, an dlúthpháirtíocht leis an Úcráin agus a muintir ar an gcéad dul síos, mar a léirítear in iarrachtaí na mBallstát agus a saoránach daoine easáitithe a óstáil, agus an dlúthpháirtíocht idir na Ballstát féin ar an dara dul síos.

I dteannta rochtain ar thacar ceart comhchuibhithe a thabhairt do thairbhíthe cosanta sealadaí, mar gheall ar ghníomhachtú na Treorach um Chosaint Shealadach, leantar de mhaolú a dhéanamh ar an riosca nach mbeidh córais tearmainn na mBallstát in ann an sreabhadh isteach a phróiseáil gan éifeachtaí díobhálacha a bheith ann dá n-oibríocht éifeachtúil. Idir mí Feabhra 2022 agus mí an Mhárta 2026, chuir náisiúnaigh den hÚcráin 94 390 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta san Aontas isteach (i gcomparáid le 75 850 idir mí Feabhra 2022 agus mí an Mhárta 2025). Idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2026, tháinig laghdú 57 % ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta arna gcur isteach ag náisiúnaigh na hÚcráine i gcomparáid leis an tréimhse idir mí Eanáir agus mí an Mhárta in 2025, agus rangáíodh an Fhrainc agus an Pholainn ar an gcéad áit agus ar an dara háit, faoi seach, mar phríomhthíortha glactha na n-iarratas sin. Mar sin féin, léiríonn an líon teoranta ar an iomlán go fóill go bhfuil cuspóir na cosanta sealadaí bainte amach, lena n-áirítear a sheachaint go gclisfí ar chórais tearmainn na mBallstát.

De réir an tsuirbhé ar rúin ó Ard Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) i mí Iúil 2025⁹, tháinig laghdú ar an sciar de dhaoine easáitithe a bhfuil sé beartaithe acu nó atá ag súil le filleadh ar an Úcráin amach anseo i gcomparáid leis na 6 mhí roimhe sin (ó 65 % i mí Eanáir-Feabhra 2024 go 61 % i mí Iúil-Lúnasa 2024), agus tháinig méadú ar an sciar de dhaoine nach bhfuil cinnte faoi fhilleadh uirthi (ó 24 % go 27 %) agus ar an sciar de dhaoine nach raibh ag súil le filleadh uirthi (ó 11 % go 12 %). Thuairiscigh an

⁷ Breis agus 4,54 milliún, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Eilvéis.

⁸ Mura sonraítear a mhalairt, tháinig na figiúirí uile maidir le cosaint shealadach agus idirnáisiúnta ó Eurostat (Bunachar Sonraí -Eurostat).

⁹ [*Policy brief Forecasting Refugee Return to Ukraine amid ongoing war and uncertainty*](#).

Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM)¹⁰ go bhfuil sé beartaithe ag tromlach mór na ndaoine a ndearna sé suirbhé orthu (70 %) filleadh ar an Úcráin nuair a bheidh sé sábháilte sin a dhéanamh, má bhíonn sé sábháilte.

Thairis sin, de réir an tsuirbhé¹¹ ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), cinneadh nach bhfillfeadh thart ar an gcúigiú cuid de na freagróirí ar an Úcráin, bhí claonadh ag 22 % gan filleadh agus bhí 31 % idir dhá chomhairle. Os a choinne sin, in 2025, ní raibh ach 14 % de na freagróirí toilteanach filleadh agus bhí claonadh ag 13 % díobh é sin a dhéanamh. Tháinig méadú seasta le himeacht ama ó 5 % go 12 % agus ina dhiaidh sin go 20 % ar chion na ndaoine a chinn gan filleadh. Os a choinne sin, tháinig méadú ar sciar na ndaoine atá i bhfabhar neamhfhillte ó 12 % go 15 % agus ansin go 22 %.

Deimhníonn na suirbhéanna sin go measann formhór na ndaoine easáitithe ón Úcráin nach féidir leo filleadh ar an Úcráin faoi dhálaí sábháilte marthanacha fós.

San Úcráin, tá cogadh foghach na Rúise ag leanúint ar aghaidh fós gan mhaolú. Leanann an Rúis de bheith ag díriú go córasach agus d'aon ghnó ar an mbonneagar sibhialtach agus ar limistéir a bhfuil daoine iontu. De réir Mhisean Faireacháin na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine san Úcráin, tháinig méadú 93 % ar an líon taismeach sibhialtach i mí na Bealtaine 2026 i gcomparáid leis an mí chéanna in 2025. Is mór an géarú sin agus léiríonn sé go bhfuil drochthionchar leanúnach ag an gcogadh ar shibhialtaigh.

Tá ionsaithe aeir agus ladrann dothuartha ó fhórsaí na Rúise fós ina mbagairt thromchúiseach ar fud na tíre, na réigiúin atá i bhfad ó na línte tosaigh san áireamh. Léiríonn na hionsaithe sin a leithne atá an raon feidhme geografach agus a neamhshrianta atá an t-ionsaí atá ar bun faoi láthair. Chuir na hionsaithe aeir isteach go mór ar an rochtain ar leictreachas, téamh agus soláthar uisce iontaofa, agus bhí tionchar ag gearradh cumhachta fada arís agus arís eile ar na milliúin duine ag deireadh 2025.

I mí na Nollag 2025, mheas IOM go bhfuil 3 712 000 duine easáitithe ina dtír féin¹² san Úcráin. Trí cheathrú (71 %) de na daoine easáitithe ina dtír féin, bhí siad easáitithe le breis agus 2 bhliain, agus bhí 82 % díobh easáitithe le breis agus bliain. Maidir leis na daoine a bhí easáitithe ina dtír féin le breis agus 2 bhliain, bhí an sciar is mó díobh ina gcónaí in Iarthar na tíre. De réir na faisnéise a soláthraíodh sa chúigiú tuarascáil ar Mhearmheasúnú ar Dhamáiste agus ar Riachtanais (RDNA5)¹³, chláraigh an Aireacht Beartais Shóisialta 4 618 666 dhuine go hoifigiúil mar dhaoine easáitithe ina dtír féin i mí na Nollag 2025. Tuairiscíodh gur tháinig méadú breise ar an mbochtaineacht in 2025. Tá iarmhairtí an chogaidh míchothrom fós, agus is iad na mná (iarmhairtí maidir le fostaíocht agus géar-riachtanais teaghlaigh san áireamh), daoine faoi mhíchumas, leanaí agus daoine óga, daoine easáitithe ina dtír féin, agus daoine scothaosta is mó a bhíonn thíos leis. Tá os cionn 15 000 duine maraithe, os cionn 40 600 duine gortaithe, agus tá a dtithe caillte ag na milliúin daoine.

Measann Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla go bhfuil, i mí Eanáir 2026, cabhair dhaonnúil práinneach ag teastáil ó thart ar 10,8 milliún duine san Úcráin¹⁴.

¹⁰ *Ukraine Regional Response: Needs, Intentions, and Border Crossings | Displacement Tracking Matrix*

¹¹ *Ad Hoc Report: Situation in Ukraine and Displacement to the EU+: Trends, Drivers and Future Prospects* (September 2025).

¹² [Ukraine internal displacement report, General population survey, Round 22, January 2026](#)

¹³ *Ukraine - Fifth Rapid Damage and Needs Assessment (RDNA5) :February 2022 - December 2025.*

¹⁴ *Ukraine Humanitarian Needs and Response Plan 2026 (January 2026) [EN/UK].*

D'fhéadfadh an staid mhíshocair, mar aon leis an gcrúachas daonnúil san Úcráin, a bheith ina cúis freisin le tuilleadh daoine a bheith ag teacht isteach san Aontas ar scála mór, rud a d'fhágfadh gur ghá cosaint a thabhairt do níos mó daoine easáitithe.

De bharr a éiginnte agus a míshocair atá cúrsaí san Úcráin faoi láthair ní féidir deireadh a chur leis an gcosaint shealadach do thairbhíthe atá i mBallstáit an Aontais faoi láthair agus dóibh siúd a d'fhéadfadh a bheith fós i ngátar. Ní mór leanúint de bheith ag cosaint na ndaoine sin laistigh den Aontas. Mar an gcéanna, dá dtiocfadh deireadh leis an gcosaint shealadach go luath agus dá n-iarrfadh na daoine sin go léir cosaint idirnáisiúnta an tráth céanna, bheadh an riosca fós ann i leith oibriú éifeachtúil na gcóras náisiúnta tearmainn.

I bhfianaise na bhforbairtí thuasluaite, measann an Coimisiún go bhfuil na cúiseanna le cosaint shealadach fós ann i láthair na huaire agus gur cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an gcosaint shealadach mar fhreagairt riachtanach iomchuí ar an staid reatha. Ba cheart an síneadh ama a ghlacadh a luaithis is féidir agus go ceann bliana eile, i.e. le haghaidh na tréimhse ón 5 Márta 2027 go dtí an 4 Márta 2028, i gcomhréir le hAirteagal 4(2) den Treoir um Chosaint Shealadach. Is é is aidhm don mhéid sin a áirithiú go gcuirfear an oiread cobhsaíochta agus ionchais agus is féidir ar fáil do dhaoine a easáitíodh ón Úcráin agus atá á n-óstáil i mBallstáit an Aontais faoi na cúinsí atá ann faoi láthair.

Tá an méid sin i gcomhréir leis an ngealltanas a thug an tAontas tacaíocht a thabhairt don Úcráin agus dá muintir fad agus is gá agus tacaíocht a thabhairt i leith síocháin chuimsitheach chóir mharthanach, ar bhonn phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta. Más rud é nach ann a thuilleadh do na himthosca ba chúis le gníomhachtú na Treorach um Chosaint Shealadach roimh an 4 Márta 2028, féadfaidh an Coimisiún Eorpach, i gcás den sórt sin, togra a chur faoi bhráid na Comhairle de bhun Airteagal 6 den Treoir um Chosaint Shealadach. Leis an bhforáil sin féadfaidh an Chomhairle deireadh a chur leis an gcosaint shealadach le Cinneadh arna ghlacadh trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, agus ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh freisin ar aon iarraidh ó Bhallstát go gcuirfeadh sé togra faoi bhráid na Comhairle. Níor mhór Cinneadh den sórt sin ón gComhairle a bhunú ar an bhfíoras cruthaithe gur féidir, i bhfianaise na staide sa tír thionscnaimh, filleadh sábháilte mharthanach na ndaoine ar deonáíodh cosaint shealadach dóibh a cheadú, agus urraim chuí á tabhairt do chearta agus saoirsí an duine agus do chearta agus saoirsí bunúsacha agus d'oibleagáidí na mBallstát maidir le *non-refoulement*.

Thairis sin, ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit na bearta riaracháin agus dlíthiúla is gá dhéanamh (amhail ceadanna cónaithe a athnuachan) chun gur féidir leo ullmhú don síneadh leis an gcosaint shealadach.

Níor cheart an bonn a bhaint de chumas dlisteanach foriomlán na hÚcráine í féin a chosaint agus síneadh breise á chur leis an gcosaint shealadach.

Chuir an Chomhairle Eorpach tacaíocht an Aontais don Úcráin i dtábhacht go comhsheasmhach roinnt uaireanta, agus d'athdhearbhaigh sí a tacaíocht dhaingean bhuanseasmhach do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, chomh maith le tiomantas an Aontais leanúint de thacaíocht chuimsitheach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a chur ar fáil don Úcráin agus dá muintir, i gcomhar le comhpháirtithe agus comhghuaillithe atá ar aon intinn léi. Thacaigh an Chomhairle Eorpach le síocháin chuimsitheach chóir mharthanach a bheith san Úcráin ar bhonn phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta agus ráthaíochtaí slándála láidre inchreidte don Úcráin mar bhonn taca léi, rud a chuireann i bhfíor go bhfuil sé criticiúil a áirithiú go mbeidh na hacmhainní buiséadacha agus míleata ag an Úcráin chun leanúint dá ceart bunúsach féinchosanta a fheidhmiú agus chun fogha na Rúise a chomhrac agus a dhíspreagadh.

Mar chuid de fhreagairt an Aontais ar an ngéarchéim, tugadh isteach cosaint shealadach. Ní cosaint absalóideach í an chosaint shealadach, áfach. Is nós imeachta de chineál eisceachtúil é a bhféadfadh feidhm a bheith aige maidir le grúpaí sonracha daoine arna sainaitheint i gCinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 5 den Treoir. An tráth céanna, déantar foráil sa Treoir maidir leis an bhféidearthacht daoine a eisiamh ón gcosaint shealadach, ar bhonn critéir oibiachtúla chinntithe.

Sa chomhthéacs sin, ba cheart riachtanais mhíleata na hÚcráine chun í féin a chosaint ar chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise agus go háirithe na hoibleagáidí coinscríofa arna sainiú go dlísteach ag an Úcráin ina dlíchóras a chur san áireamh go hiomlán agus tacaíocht iomlán á tabhairt, an tráth céanna, do dhaoine easáitithe ón Úcráin trí bhithin na cosanta sealadaí. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, go gcuirfidh an tAontas an chosaint shealadach i bhfeidhm ar bhealach lena n-áiríteofar cumas foriomlán na hÚcráine í féin a chosaint ar an mbealach is fearr ar chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise agus cinneadh a dhéanamh gan bhac maidir le heagrú a fórsaí cosanta.

Dá bhrí sin, cé gur tosaíocht i gcónaí é daoine easáitithe ón Úcráin atá i ngátar a chosaint, níor cheart cosaint shealadach a dheonú mar riail do dhaoine a fhágann an Úcráin ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus nach féidir leo fianaise a sholáthar do na húdaráis náisiúnta go bhfuil siad údaraithe ag údaráis na hÚcráine leis an Úcráin a fhágáil i gcomhréir lena n-oibleagáidí míleata.

Ceann de na cúiseanna a bhí le cosaint shealadach a ghníomhachtú ná córas tearmainn na mBallstát a chaomhnú trí fhoirmiúlachtaí a laghdú a mhéid is féidir i bhfianaise insreabhadh ollmhór daoine easáitithe. Tá sé tábhachtach córas cosanta sealadaí a chaomhnú, ar córas é atá éasca a chur i bhfeidhm agus lenar féidir a fhíorú go pras go bhfuil daoine údaraithe leis an Úcráin a fhágáil i gcomhréir lena n-oibleagáidí míleata. Sa chomhthéacs sin, mar shampla, tá aip thiomnaithe ‘Reserv+’ á forbairt ag údaráis na hÚcráine lena bhféadfaí doiciméid a bhaineann le díolúine ó oibleagáidí míleata a íoslódáil agus a phriontáil.

D’fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, níor cheart feidhm a bheith ag fíorú na gceanglas sin ach amháin maidir le nuatheachtaithe a bhfuil cosaint shealadach á lorg acu ó theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Tá roinnt mhaith daoine easáitithe a thairbhígh de chosaint shealadach san Aontas le roinnt blianta anuas, agus tá siad tar éis lánpháirtíú ina sochaithe óstacha tríd an teanga a fhoghlaim, fostaíocht a aimsiú agus clárú san oideachas. Is iomchuí, dá bhrí sin, go gcoinneoidh na daoine sin an stádas cosanta sealadaí agus na cearta a ghabhann leis.

Meabhraíonn an Coimisiún go dtugtar le tuiscint leis an Treoir um Chosaint Shealadach nach féidir le duine tairbhíú de na cearta a bhaineann leis an stádas ach in aon Bhallstát amháin ag aon am amháin; dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit iarrataí ar chead cónaithe arna ndéanamh ar bhonn Airteagal 8(1) de Threoir 2001/55 a dhiúltú nuair is léir go bhfuil cead cónaithe faighte cheana féin ag an duine lena mbaineann ar an mbonn sin i mBallstát eile agus, dá bhrí sin, go bhfuil na cearta a bhaineann leis an gcosaint shealadach aige sa Bhallstát sin (féach, maidir leis sin, pointe 30 de bhreithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra), cás C-753/23 [Krasiliva], an 27 Feabhra 2025).

Chuiqe sin, mar a meabhraíodh freisin sa Mholadh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe i ndáil leis an aistriú amach as cosaint shealadach¹⁵, tá sé tábhachtach i gcónaí sonraí a uaslódáil go tráthrialta ar an Ardán um Chosaint Shealadach, lena n-áirítear figiúirí

¹⁵ [Moladh ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2025 maidir le cur chuige comhordaithe i leith an aistrithe amach as cosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin](#)

maidir le clárúcháin neamhghníomhacha, agus obair leantach thapa a dhéanamh, i gcás inar gá, i gcás clárúcháin dhúbailte.

Ós rud é gur gá leanúint de chosaint a chur ar fáil, agus go bhfuil an deis ag na tairbhíthe cosanta sealadaí cosaint shealadach a bheith acu ina rogha Ballstát, tá tionchar imeartha ar na córais ghlactha i gcuid de na Ballstáit, go háirithe iad siúd a bhfuil líon mór daoine a thairbhíonn de chosaint shealadach á n-óstáil acu, mar aon leis an tionchar atá imeartha orthu mar gheall ar iad a bheith ag déileáil san am céanna le líon mór iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta nó le ganntanais tithíochta. I ndáil leis sin, as seo amach, tá sé tábhachtach leanúint de bheith ag obair i dtreo cothromaíocht níos fearr ó thaobh iarrachtaí de idir na Ballstáit. Is tosaíocht fós é féintuilleamaí na ndaoine easáitithe agus a n-aistriú chuig cóiríocht fhadtéarmach ó chórais ghlactha a áirithiú.

Ina theannta sin, i gcomhthráth le síneadh a chur leis an gcosaint shealadach i gcomhréir leis an gCinneadh seo ón gComhairle atá beartaithe, ba cheart do na Ballstáit, mar ábhar tosaíochta, dlús a chur le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe i leith an aistrithe amach as cosaint shealadach, agus réitigh fhadtéarmacha inbhuanaithe a chur chun feidhme. Ba cheart do na Ballstáit díriú go háirithe ar thairbhíthe na cosanta sealadaí a aistriú chuig stádais dhlíthiúla eile chomh maith le tacú le fillleadh deonach agus ath-imeascadh inbhuanaithe laistigh den Úcráin a éascú, a luaithe is féidir sin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo go hiomlán i gcomhréir le *acquis* tearmainn an Aontais Eorpaigh ós rud é gur dlúthchuid den Chomhchóras Eorpach Tearmainn í an Treoir um Chosaint Shealadach agus go ndearnadh foráil maidir leis chun aghaidh a thabhairt ar chás urghnách d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe, mar atá faoi láthair de bharr ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin. Tá an togra go hiomlán comhsheasmhach freisin le cuspóir an Aontais Eorpaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú a bheadh ar oscailt dóibh siúd, nach mbeidh an dara rogha acu de dheasca na gcúinsí, a lorgóidh cosaint go dlisteanach san Aontas Eorpach.

Tá eilimintí an togra i gcomhréir freisin leis na gníomhartha dlí atá sa Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann arna nglacadh i mí na Bealtaine 2024 agus a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2026. D'aontaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle an Treoir um Chosaint Shealadach a choinneáil mar chuid den bhosca uirlisí atá ar fáil don Aontas le haghaidh cásanna ina bhfuil líon ollmhór daoine ag teacht isteach. Is léir gur uirlis fhíor-riachtanach í an Treoir um Chosaint Shealadach chun cosaint láithreach a chur ar fáil san Aontas. Ag an gcéim seo, tá sí fós ar an ionstraim is mó is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an easáitiú arb é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin is cúis leis.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo iomlán comhsheasmhach leis an ngá atá ann ligean do na Ballstáit iarratais ionchasacha ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil ar bhealach ordúil nach bhfágfadh go gclisfí ar a gcórais tearmainn agus leanúint d'fhoráil a dhéanamh do na bearta is gá i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin lena seachnófar cliseadh ar chórais tearmainn na mBallstát. Tá sé comhsheasmhach freisin le gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais. Tá an togra seo i gcomhréir freisin le bearta sriantacha an Aontais agus gníomhaíochtaí eile a glacadh freisin mar fhreagairt ar fhogha na Rúise faoin Úcráin. Is cuid é an togra seo de thacar cuimsitheach gníomhaíochtaí de chuid an Aontais lena bhfreagraítear ar an gcogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é Airteagal 4(2) de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe an bunús dlí don togra, ós rud é gur ann go fóill do na cúiseanna le cosaint shealadach. Foráiltear leis an bhforáil sin, i gcás ina mbeidh cúiseanna le cosaint shealadach fós ann, go bhféadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh trí thromlach cáilithe, ar thogra ón gCoimisiún, síneadh suas le bliain amháin a chur leis an gcosaint shealadach sin.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Le Teideal V de CFAE maidir leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, tugtar cumhachtaí áirithe don Aontas Eorpach i leith na n-ábhar sin. Ní mór na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, i.e. murar féidir, agus a mhéid nach féidir, leis na Ballstáit cuspóirí na gníomhaíochta atá beartaithe a ghnóthú go leordhóthanach ina n-aonar, agus dá bhrí sin, gur fearr is féidir leis an Aontas Eorpach iad a ghnóthú de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe.

An staid san Úcráin mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise, tá tionchar aici fós ar an Aontas ina iomláine. Mar gheall air sin, thug an tAontas Eorpach freagairt aontaithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Léiríonn an méid sin go bhfuil gá fós le réitigh ón Aontas agus le tacaíocht ón Aontas, chomh maith le comhordú láidir ar leibhéal an Aontais, ós rud é go bhfuil gá leanúnach le freagairt éifeachtach ar an staid ó na Ballstáit uile le chéile agus nach mór a áirithiú go gcuirfear na caighdeáin chéanna agus sraith chomhchuibhithe ceart i bhfeidhm ar fud an Aontais don bheagnach 4,4 milliún duine atá á n-óstáil san Aontas faoi láthair. I dteannta an insreafa mhóir atá ann fós, ní féidir a chur as an áireamh go dtiocfaidh tuilleadh daoine isteach ar scála mór mar gheall ar an míshocracht san Úcráin faoi láthair. Is léir nach leor bearta a ghlacfaidh Ballstáit aonair chun aghaidh a thabhairt go sásúil ar an ngá atá le cur chuige coiteann ar fud an Aontais i leith dúshlán ar léir gur dúshlán coiteann é don Aontas ar fad.

Ní féidir leis na Ballstáit cur chuige coiteann den sórt sin a bhaint amach go leordhóthanach ina n-aonar agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí an Chinnidh Cur Chun Feidhme seo ón gComhairle atá beartaithe, is fearr is féidir é a bhaint amach agus a chomhordú ar leibhéal an Aontais, mar atá curtha in iúl ag na Ballstáit féin freisin. Dá bhrí sin ní mór don Aontas gníomhú, agus féadfaidh sé bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Is próiseas eisceachtúil láithreach í an chosaint shealadach lena ngabhann cearta comhchuibhithe ar fud an Aontais. Ní hann do phróiseas iarratais ar chosaint shealadach ná ar chosaint leordhóthanach faoin dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, agus an duine lena mbaineann á chur é féin i láthair do na húdaráis chun leas a bhaint as na cearta a ghabhann le cosaint shealadach nó le cosaint leordhóthanach, níor mhór don duine sin ach a náisiúntacht, a stádas cosanta idirnáisiúnta nó a stádas cosanta coibhéisí, a chónaí san Úcráin nó a nasc teaghlaigh a léiriú, de réir mar is iomchuí. Is ceart láithreach é an ceart chun cosaint shealadach ach ní ceart absalóideach é mar a léirítear i roinnt forálacha den Treoir um Chosaint Shealadach. Is iomchuí, dá bhrí sin, ceanglas coiteann fíorúcháin a bhunú ar leibhéal an Aontais lena n-áiríteofar go leanfaidh na Ballstáit cur chuige oibríochtúil comhordaithe agus measúnú á dhéanamh acu ar iarrataí nua chun leas a bhaint as na cearta a bhaineann le cosaint shealadach, agus ar an gcaoi sin ilroinnt a chosc agus sláine an chórais cosanta sealadaí a chaomhnú.

D'fhoill próiseas a cheadú lena n-íoslaghdaítear foirmiúlachtaí a mhéid is féidir agus nach gcruthaíonn ualach riaracháin don riarachán náisiúnta, ba cheart a mheas gur fianaise leordhóthanach chun an teidlíocht ar chosaint shealadach a léiriú é an fíorú, i gcás inarb infheidhme i ndlí na hÚcráine, gur thug údarais na hÚcráine údarú do na daoine lena mbaineann an Úcráin a fhágáil i gcomhréir lena n-oibleagáidí míleata.

- **Comhréireacht**

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach é, déantar foráil sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle atá beartaithe maidir le síneadh ar an gcosaint shealadach le haghaidh tréimhse teoranta ama, i.e. bliain amháin maidir leis an ngrúpa sonracha daoine a bhfuil feidhm aige maidir leis cheana féin.

Tá an beart atá beartaithe teoranta don mhéid is gá i bhfianaise scála agus thromchúis na staid san Úcráin, staid a fhágann go bhfuil thart ar 4,4 milliún duine easáitithe atá i mBallstáit an Aontais faoi láthair nach féidir leo filleadh ar an Úcráin faoi dhálaí sábháilte marthanacha. Ina theannta sin, is freagairt chomhréireach é an síneadh sin i bhfianaise na staid reatha, ós rud é gur a bhuí leis an gcosaint shealadach a cosnaíodh córais tearmainn na mBallstát ar chliseadh mar gheall ar líon mór iarratas ó dhaoine a bheith ag teacht isteach i mBallstáit an Aontais.

Tá an oibleagáid a fhíorú gur údaraigh údarais na hÚcráine do na daoine lena mbaineann an Úcráin a fhágáil i gcomhréir lena n-oibleagáidí míleata comhréireach. Tá sé teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis ionas nach mbainfidh an gá leanúnach atá le cosaint shealadach a sholáthar an bonn de chumas foriomlán na hÚcráine í féin a chosaint i bhfianaise a riachtanas míleata atá ag teacht chun cinn. Tá sé dlisteanach don Úcráin a hoibleagáidí coinscríofa a bhunú ina dlíchóras, lena n-áirítear eisiamh na n-oibleagáidí sin, lena gcuirtear cosc ar ghrúpaí dea-shainithe an Úcráin a fhágáil¹⁶.

An fíorú go bhféadfadh an duine an Úcráin a fhágáil gan oibleagáidí míleata a sháru, ceaptar é mar bheart ionchasach atá dírithe ar iarrataí a dhéanfar amach anseo. Tá sé d'aidhm aige cothromaíocht iomchuí a bhaint amach idir an gá atá le riachtanais chosanta na hÚcráine a chur san áireamh agus an gá atá le deimhneacht dhlíthiúil agus caomhnú chearta agus ionchais dhlísteanaigh na ndaoine a bhfuil cosaint acu san Aontas cheana féin.

Thairis sin, ní dhéanann fíorú an cheanglais sin difear do chumhachtaí cinnteoireachta na n-údarás maidir le cás sonracha ná ní dhéanann sé difear do cheart aon duine cosaint idirnáisiúnta a lorg san Aontas. Cé go gcoinneodh daoine ón Úcráin an ceart chun iarratas a dhéanamh ar thearmann, ní foras bailí ann féin é diúltú seirbhís mhíleata a dhéanamh a thabharfadh údar le cosaint idirnáisiúnta – féach Treoir Phraiticiúil EUAA maidir le Tuairim Pholaitiúil.

- **An rogha ionstraime**

Le hAirteagal 4(2) den Treoir um Chosaint Shealadach, ní mór Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a ghlacadh chun síneadh suas le bliain amháin a chur leis an gcosaint shealadach, i gcás ina bhfuil cúiseanna le cosaint shealadach fós ann.

¹⁶ Faoi dhlí na hÚcráine, ní cheadaítear d'fhir Úcránacha atá in aois an choinscríofa (25-60 bliain d'aois) ná d'fhir Úcránacha atá ar an liosta ionadaithe (23-25 bliana d'aois) an Úcráin a fhágáil. Tá cead ag fir Úcránacha idir 18-22 bliana d'aois an Úcráin a fhágáil, tar éis mhaolú dhlí míleata na hÚcráine i mí Lúnasa 2025, cé is moite de na fir (agus na mná) sin a chinn dá ndeoin féin dul isteach sna fórsaí míleata.

3. TORTHÁÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Ceapadh beartais fianaise-bhunaithe**

Leanann Lónra AE an Treoirphlean um Ullmhacht agus um Bainistiú Géarchéimeanna i ndáil leis an imirce, a bhfuil fócas ar leith aige ar an Úcráin, agus an tArdán Dlúthpháirtíochta don Úcráin¹⁷ de bheith i mbun a gcuid oibríochtaí agus é mar aidhm acu feachtas staide choiteann a chur ar fáil maidir leis na himpleachtaí imirce a bhaineann le hionradh mórsála na Rúise ar an Úcráin agus maidir le hullmhacht an Aontais agus na mBallstát, agus freagairt chomhordaithe a chur ar fáil ar an ngéarchéim trí mhalartuithe tráthrialta, faoi seach. Sa chomhthéacs sin, pléadh sa dá fhóram an chaoi le méadú a dhéanamh ar an ullmhacht fhoriomlán ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear pleanáil theagmhach. Tá faisnéis agus sonraí maidir leis an staid atá ann faoi láthair agus maidir le gluaiseachtaí daoine á mbailiú an t-am ar fad. I gcruinnithe an Ardáin um Chlárúchán le haghaidh Cosaint Shealadach, tá na páirtithe ag leanúint de bheith ag plé ar bhonn ad-hoc conas is féidir a áirithiú ar bhealach níos fearr malartú cuí faisnéise idir na Ballstáit maidir le tairbhíthe cosanta sealadaí agus tairbhíthe den chosaint leordhóthanach atá ar fáil faoin dlí náisiúnta, agus, an tráth céanna, clárúcháin dhúbailte a bhrath laistigh den Bhallstát céanna agus ar fud Bhallstáit an Aontais. Ós rud é go bhfuil líon mór leanaí agus daoine óga easáitithe, cuirtear san áireamh níos mó agus níos mó sna hiarrachtaí sin sonraí maidir le comhtháthú i gcórais oideachais agus oiliúna.

Le roinnt míonna anuas, chuaigh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go rialta le comhpháirtithe na hÚcráine maidir le conas an chosaint a tugtar do mhuintir na hÚcráine a ailíniú le riachtanais chosanta na tíre.

Ina theannta sin, déanann an Coimisiún Eorpach agus eagraíochtaí amhail an Banc Domhanda agus na Náisiúin Aontaithe, chomh maith le Rialtas na hÚcráine, measúnú tráthrialta ar an staid san Úcráin. Foilsíonn an Banc Domhanda tuarascálacha ar Mearmheasúnú ar Dhamáiste agus ar Riachtanais na hÚcráine¹⁸.

Ó thosaigh an cogadh, tá obair déanta ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce chun tuiscint níos fearr a chur ar fáil ar chás na ndaoine easáitithe agus chun easáitiú laistigh den Úcráin agus sreabha soghluaisteachta a rianú, chomh maith le faireachán a dhéanamh trí shuirbhéanna ar a bhfuil ar intinn acu siúd atá ag teitheadh ón gcogadh agus acu siúd a thrasnaíonn an teorainn ar ais go dtí an Úcráin, agus trí mheasúnú ar dhálaí fillidh. Tá faisnéis á foilsiú go tráthrialta ag UNHCR maidir lena bhfuil ar intinn ag daoine a easáitíodh ón Úcráin agus a bpeirspictíochtaí (tá daoine a easáitíodh ina dtír féin san áireamh san fhaisnéis sin freisin). Léiríonn suirbhéanna agus cáipéisí ó na heagraíochtaí idirnáisiúnta thuasluaite go bhfuil an staid reatha fós míshocair agus éiginnte, rud a fhágann nach féidir filleadh faoi dhálaí sábháilte marthanacha. I mí Feabhra 2026, mheas UNHCR go ndearnadh 5,9 milliún duine ar a dteitheadh ón Úcráin a thaifeadadh ar fud an domhain¹⁹.

¹⁷ Is é an Coimisiún a bhunaigh an tArdán d'fhonn an fhreagairt oibríochtúil i measc na mBallstát a chomhordú de réir Airteagal 3(2) de Chinneadh 2022/382 ón gComhairle. I measc nithe eile, bailíonn sé faisnéis agus déanann sé scrúdú ar na riachtanais a sainaithníodh sna Ballstáit agus déanann sé comhordú ar an obair leantach oibríochtúil mar fhreagairt ar na riachtanais sin.

¹⁸ *World Bank Group, Ukraine Fifth Rapid Damage and Needs Assessment (RDNA5) (February 2022 – December 2025).*

¹⁹ *Ukraine Refugee Situation.*

- **Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus bailiú agus úsáid an tsaineolais**

Chun faisnéis atá bunaithe ar fhianaise a bhailiú, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go tráthrialta leis an Líonra um Ullmhacht agus um Bainistiú Géarchéimeanna i ndáil leis an Imirce agus leis an Ardán Dlúthpháirtíochta, le húdarais na mBallstát, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus le Gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, le húdarais na hÚcráine agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus malartuithe á gcoinneáil ar bun acu le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta an tráth céanna.

I gcomhar le huachtaránachtaí rothlacha Chomhairle an Aontais Eorpaigh, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit maidir le todhchaí na cosanta sealadaí tar éis mhí an Mhárta 2027 ar leibhéal na n-airí agus trí shraith cruinnithe i mí an Mhárta agus i mí na Bealtaine 2026 i gCoiste Straitéiseach na Comhairle um Inimirce, Teorainneacha agus Tearmann (SCIFA) agus i Meitheal na gComhairleoirí Ceartais agus Gnóthaí Baile, cruinnithe inar chuir na Ballstáit i dtábhacht an gá atá le síneadh bliana breise amháin a chur le cosaint shealadach a luaithe is féidir chun go gcoinneofar freagairt choiteann Eorpach ar bun.

Ag an gcruinniú is déanaí a bhí ag SCIFA i mí Aibreáin 2026, d'aithin na Ballstáit nach féidir deireadh a chur leis an gcosaint shealadach mar gheall ar an staid mhíshocair atá ann faoi láthair. Phléigh na Ballstáit freisin módúlachtaí nua a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le raon feidhme na cosanta sealadaí d'fhonn an staid atá ag teacht chun cinn a léiriú ar bhealach níos fearr agus d'fhonn an chosaint shealadach a ailíniú le riachtanais chosanta athraitheacha na hÚcráine. Ag an gcruinniú is déanaí a bhí ag Comhairleoirí CGB i mí na Bealtaine 2026, phléigh na Ballstáit roghanna le haghaidh módúlachtaí nua a bhaineann le raon feidhme na cosanta sealadaí, agus é á chur i dtábhacht acu an gá atá le cur i bhfeidhm éasca agus le cinneadh a dhéanamh a luaithe is féidir.

Rinneadh idirphlé comhthreomhar agus comhlántach ar an Ardán Dlúthpháirtíochta agus chuir formhór na mBallstát in iúl gur gá síneadh bliana breise a chur leis an gcosaint shealadach chun freagairt choiteann Eorpach a choinneáil ar bun, chun soiléireacht a thabhairt do thairbhíthe agus chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit tabhairt faoi na céimeanna riaracháin agus dlíthiúla is gá ar an leibhéal náisiúnta (amhail ceadanna cónaithe a athnuachan). Chuir na Ballstáit in iúl freisin gur gá próiseas riaracháin simplí a choinneáil ar bun maidir le hincháilitheacht na cosanta sealadaí agus gur gá ró-ualach a bheith ar chóras tearmainn a sheachaint. Ag an gComhairle Neamhfhoirmiúil um Ghnóthaí Baile an 4 Meitheamh, léirigh na hairí gnóthaí baile tacaíocht fhoriomlán freisin chun síneadh breise a chur leis an gcosaint shealadach ar feadh bliain amháin eile agus chun breithniú a dhéanamh ar choigeartuithe chun riachtanais chosanta athraitheacha na hÚcráine a chur san áireamh go hiomlán.

Bhí teagmháil tráthrialta ag an Coimisiún freisin le húdarais na hÚcráine chun faisnéis a bhailiú maidir leis an staid mar atá ar an láthair. Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 3 den Treoir um Chosaint Shealadach, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le UNHCR, a bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar an staid agus a chuir ionchur ábhartha ar fáil, agus a bhfuil suirbhéanna á ndéanamh aige ar a bhfuil ar intinn ag daoine easáitithe.

- **Ceartha bunúsacha**

Urramaíonn an togra seo ceartha bunúsacha agus comhlíonann sé na prionsabail a aithnítear, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na hoibleagáidí a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951 maidir le stádas dídeanaithe, arna leasú le Prótacal Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ó thosaigh an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin, freastalaíodh ar na riachtanais chistiúcháin a bhaineann le cur i bhfeidhm na Treorach um Chosaint Shealadach laistigh de bhuiséad na n-ionstraimí cistiúcháin AE atá ann cheana faoin tréimhse 2014-2020 agus 2021-2027, go háirithe faoin mBeartas Gnóthaí Baile ábhartha agus faoin mBeartas Comhtháthaithe ábhartha²⁰.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1 bunaítear an síneadh bliana amháin (ón 5 Márta 2027 go dtí an 4 Márta 2028) a chuirfear le cosaint shealadach do dhaoine easáitithe dá dtagraítear in Airteagal 2 den Chinneadh ón gComhairle agus in Article 1 den Chinneadh seo.

Le hAirteagal 2 bunaítear nach ndeonófar cosaint shealadach mar riail do dhaoine a fhágann an Úcráin ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus nach féidir leo fianaise a sholáthar do na húdaráis náisiúnta go bhfuil siad údaraithe ag údaráis na hÚcráine leis an Úcráin a fhágáil i gcomhréir lena n-oibleagáidí míleata.

Le hAirteagal 3, bunaítear dátaí theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

²⁰ Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip, an pacáiste ar a dtugtar ‘CARE’ (CARE, CARE plus agus Fast-CARE).

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach, mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382, go dtí an 4 Márta 2028

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit ó thaobh na daoine sin a ghlacadh agus ó thaobh déileáil leis na hiarmhairtí a thagann as sin¹, agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 4 Márta 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382² lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Threoir 2001/55/CE, bhí feidhm ag an gcosaint shealadach den chéad uair ar feadh tréimhse tosaigh bliana, go dtí an 4 Márta 2023, agus ansin cuireadh síneadh bliana breise léi go huathoibríoch go dtí an 4 Márta 2024.
- (3) An 19 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2409³ lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 go dtí an 4 Márta 2025. An 25 Meitheamh 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1836⁴ lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 go dtí an 4 Márta 2026. An 15 Iúil 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun

¹ IO L 212, 7.8.2001, lch. 12, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2001/55/oj>.

² Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach, (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/382/oj).

³ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2409 ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2023 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 (IO L, 2023/2409, 24.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2409/oj).

⁴ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1836 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2024 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 (IO L, 2024/1836, 3.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1836/oj).

Feidhme (AE) 2025/1460⁵ lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 go dtí an 4 Márta 2027.

- (4) I gcomhthéacs ghníomhachtú Threoir 2001/55/CE, chomhaontaigh na Ballstáit d'aon toil i ráiteas⁶ a rinneadh an 4 Márta 2022 gan Airteagal 11 den Treoir sin a chur i bhfeidhm maidir le daoine a bhfuil cosaint shealadach acu i mBallstát ar leith i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 agus a aistríonn go Ballstát eile gan údarú, ach amháin má chomhaontaíonn na Ballstáit a mhalairt ar bhonn déthaobhach.
- (5) Ós rud é nach bhféadfaidh duine tairbhiú de na cearta a bhaineann le cosaint shealadach ach in aon Bhallstát amháin ag aon am amháin, chun a áirithiú gur mar sin a bheidh, agus chun ilchlárúcháin le haghaidh cosaint shealadach a sheachaint, ba cheart do na Ballstáit iarrataí ar chead cónaithe arna ndéanamh ar bhonn Airteagal 8(1) de Threoir 2001/55/CE a dhiúltú nuair is léir go bhfuil cead cónaithe faighte cheana féin ag an duine lena mbaineann ar an mbonn sin i mBallstát eile agus, dá bhrí sin, go bhfuil na cearta a bhaineann leis an gcosaint shealadach, lena n-áirítear cúnamh sóisialta, aige sa Bhallstát sin. Bheadh an méid sin comhleanúnach leis an mbreithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás C-753/23⁷ agus go háirithe mír 30 de.
- (6) Chun léiriú staide tráthúil chun críoch oibríochtúil, riar comhleanúnach agus formhaoirseacht ar eisiúint ceadanna cónaithe a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit sonraí cruinne tráthúla, lena n-áirítear figiúirí maidir le clárúcháin neamhghníomhacha, a uaslódáil go tráthrialta ar an Ardán um Chlárú le haghaidh Cosaint Shealadach.
- (7) Tá beagnach 4,4 milliún duine easáitithe ón Úcráin a thairbhíonn de chosaint shealadach san Aontas faoi láthair. Tá líon foriomlán na gclárúcháin de dhaoine a bhfuil cosaint shealadach acu réasúnta cobhsaí fós: thart ar 4,3 milliún duine agus méadú beag air ar an iomlán, agus is beag duine a thuairiscigh go ndeachaigh sé abhaile chun na hÚcráine ar bhonn buan. Ní fhágann an staid san Úcráin gur féidir le formhór na ndaoine easáitithe fillleadh ar an Úcráin faoi dhálaí sábháilte marthanacha. I mí na Nollag 2025, mheas IOM go bhfuil 3 712 000 duine easáitithe ina dtír féin⁸ san Úcráin. Trí cheathrú (71 %) de na daoine easáitithe ina dtír féin, bhí siad easáitithe le breis agus 2 bhliain, agus bhí 82 % díobh easáitithe le breis agus bliain. Maidir le daoine easáitithe ina dtír féin le breis agus 2 bhliain, bhí an sciar is mó díobh ina gcónaí in Iarthar na tíre. Measann Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla go bhfuil cabhair dhaonnúil phráinneach ag teastáil ó thart ar 10,8 milliún duine san Úcráin in 2026.

⁵ [Cinneadh Cur Chun Feidhme \(AE\) 2025/1460 ón gComhairle an 15 Iúil 2025 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme \(AE\) 2022/382 \(IO L. 2025/1460, 24.7.2025, ELI: \[http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1460/oj\]\(http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1460/oj\)\).](#)

⁶ Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach – Ráiteas ó na Ballstáit.

⁷ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 27 Feabhra 2025, A. N. v Ministerstvo vnitra, C-753/23, ECLI:EU:C:2025:133

⁸ *Ukraine Internal Displacement Report - Round 22 (January 2026).*

- (8) Thairis sin, ní féidir a chur as an áireamh go dtiocfaidh tuilleadh daoine isteach ar scála mór mar gheall ar an ggeruachás daonnúil, ar an míshocracht i gcoitinne agus ar éiginnteacht na staide san Úcráin de thoradh chogadh foghach na Rúise, lena n-áirítear aerionsaithe níos géire atá á ndéanamh go mion minic ar fud na tíre ar na sibhialtaigh. Tá baol ann fós go dtiocfaidh gearú ar an scéal. An tráth céanna, dá dtiocfadh deireadh go luath leis an gcosaint shealadach agus dá ndéanfaidh na tairbhíthe go léir iarratas ar chosaint idirnáisiúnta an tráth céanna, bheadh oibriú éifeachtúil na gcóras náisiúnta tearmainn i mbaol fós.
- (9) Ós rud é nach dócha go dtiocfaidh laghdú ar an líon ard daoine easáitithe san Aontas a thairbhíonn de chosaint shealadach fad a leanfaidh an cogadh in aghaidh na hÚcráine ar aghaidh, is gá síneadh a chur leis an gcosaint shealadach chun aghaidh a thabhairt ar chás na ndaoine sin a fhaigheann cosaint shealadach san Aontas faoi láthair nó a mbeidh cosaint den sórt sin de dhíth orthu ón 5 Márta 2027 ar aghaidh, toisc go ndéantar foráil léi maidir le cosaint láithreach agus rochtain láithreach ar thacar comhchuibhithe ceart, agus foirmiúlachtaí á laghdú léi a mhéid is féidir i gcás insreabhadh ollmhór san Aontas. Trí shíneadh a chur leis an gcosaint shealadach, ba cheart go gcuideofaí freisin lena áirithiú nach gclisfí ar chórais tearmainn na mBallstát mar gheall ar mhéadú mór a theacht ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a d'fhéadfadh daoine a thairbhíonn de chosaint shealadach go dtí an 4 Márta 2027 a chur isteach, dá dtiocfadh deireadh le cosaint shealadach faoin am sin, nó a d'fhéadfadh daoine ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin a thiocfadh isteach san Aontas tar éis an dáta sin agus roimh an 4 Márta 2028 a chur isteach.
- (10) Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil na cúiseanna leis an gcosaint shealadach ann fós, ba cheart síneadh a chur leis an gcosaint shealadach i gcás na gcatagóirí daoine easáitithe dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 go dtí an 4 Márta 2028.
- (11) D'ainneoin an ghá atá le síneadh a chur leis an gcosaint shealadach ar feadh tréimhse shealadach bhreise bliana amháin, tá sé tábhachtach go gcuirfear riachtanais chosanta athraitheacha na hÚcráine san áireamh i gcur chuige coiteann de chuid an Aontais.
- (12) Sna conclúidí uathí, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an tacaíocht dhaingean leanúnach bhuanseasmhach a thugann sí don Úcráin i leith a neamhspleáchais, a ceannasachta agus a hiomláine críochaí laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus d'athdhearbhaigh sí tiomantas an Aontais leanúint de thacaíocht chuimsitheach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta asholáthar don Úcráin agus dá muintir. Thacaigh an Chomhairle Eorpach le síocháin chuimsitheach chóir mharthanach san Úcráin ar bhonn phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta agus ráthaíochtaí slándála láidre inchreidte don Úcráin mar bhonn taca léi, rud a chuireann i bhfios go bhfuil sé criticiúil a áirithiú go mbeidh na hacmhainní buiséadacha agus míleata ag an Úcráin chun leanúint dá ceart bunúsach féinchosanta a fheidhmiú agus chun fogha na Rúise a chomhrac agus a dhíspreagadh.
- (13) De bhun Threoir 2001/55/CE ón gComhairle, is é atá sa chóras cosanta sealadaí i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe nós imeachta de chineál eisceachtúil, nós imeachta a bhféadfadh feidhm a bheith aige maidir le grúpaí sonracha daoine agus a d'fhéadfadh, an tráth céanna, critéir oibiachtúla maidir le heisiamh a chinneadh, agus lánurraim á tabhairt d'oibleagáidí a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, as dlí an Aontais agus as cearta bunúsacha. Go háirithe, níor cheart duine a ligean isteach chun cosaint shealadach a fháil mura bhfuil sé údaraithe ag údaráis na hÚcráine leis an Úcráin a fhágáil mar gheall ar an ngá atá lena oibleagáidí míleata a chomhlíonadh.

- (14) Ní mór don Aontas tacaíocht iomlán a thabhairt do riachtanais mhíleata athraitheacha na hÚcráine chun í féin a chosaint ar chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise agus go háirithe na hoibleagáidí coinscríofa arna sainiú go dlisteanach ag an Úcráin ina dlíchóras. I ndáil leis sin, ba cheart do na Ballstáit na riachtanais sin a chur san áireamh go hiomlán agus, an tráth céanna, tacaíocht iomlán a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin trí bhíthin na cosanta sealadaí. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, nach leanfaidh an tAontas den chosaint shealadach a chur i bhfeidhm ar bhealach a d'fhéadfadh, agus daoine easáitithe ag tairbhiú di, difear diúltach a dhéanamh do chumas foriomlán na hÚcráine í féin a chosaint ar an mbealach is fearr ar chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise agus cinneadh a dhéanamh gan bhac maidir le heagrú a fórsaí cosanta.
- (15) Chuige sin, gan dochar do dhlí an Aontais ná do na cearta bunúsacha, níor cheart cosaint shealadach a dheonú mar riail do dhaoine nach féidir leo fianaise a sholáthar do na húdaráis náisiúnta go bhfuil siad údaraithe ag údaráis na hÚcráine, i gcás inarb infheidhme i ndlí na hÚcráine, leis an Úcráin a fhágáil i gcomhréir lena n-oibleagáidí míleata. I bhfianaise an ghá atá ann na riachtanais chosanta atá ann faoi láthair mar atá sainithe ag an Úcráin a chur san áireamh, agus gan difear a dhéanamh do staid na ndaoine a bhfuil feidhm ag an gcosaint shealadach maidir leo cheana féin, ba cheart feidhm a bheith ag fíorú an cheanglais sin maidir leis na daoine a easáiteofar ón Úcráin ón lá tar éis fhoilsiú an Chinnidh seo san Iris Oifigiúil.
- (16) Is ceart láithreach é an ceart chun cosanta sealadaí. Cé go bhféadfaidh an Ballstát cinneadh a dhéanamh ceanglais áirithe a chomhlíonadh amhail foirm chlárúcháin agus cur i láthair na fianaise dá bhforáiltear i gCinneadh (AE) 2022/382 ón gComhairle chun riarachán agus clárú cuí an duine aonair lena mbaineann a áirithiú, tá sé ar cheann de chuspóirí na cosanta sealadaí a áirithiú go gcuirfear próiseas atá mear agus éasca i bhfeidhm trí fhoirmiúlachtaí a laghdú a mhéid is féidir. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeidh údaráis na mBallstát in ann a fhíorú go pras go bhfuil an duine lena mbaineann údaraithe le críoch na hÚcráine a fhágáil i gcomhréir lena oibleagáidí míleata. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar fáil do na Ballstáit, mar shampla, an doiciméad a chuirfidh údaráis na hÚcráine ar fáil tríd an aip thiomnaithe 'Reserv+' atá á forbairt ag an Úcráin, lena ndeimhnítear an t-údarú sin.
- (17) An 16 Meán Fómhair 2025 ghlac an Chomhairle an Moladh uaithi⁹ maidir le cur chuige comhordaithe i leith an aistrithe amach as cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin. Tá an síneadh sin gan dochar de bheith ag leanúint de chur chun feidhme na mbeart dá bhforáiltear ann, ar cheart tús áite a thabhairt dóibh i gcónaí. I ndáil leis sin, ba cheart do na Ballstáit dlús a chur, ar bhealach comhordaithe, le haistriú daoine a bhfuil cosaint shealadach acu chuig stádais dhlíthiúla eile chomh maith le filladh deonach agus ath-imeascadh nuair is féidir sin.
- (18) Urramaíonn an Cinneadh seo na cearta bunúsacha agus comhlíonann sé na prionsabail a aithnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
- (19) Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta tacaíocht a thabhairt don Úcráin agus dá muintir fad agus is gá agus go dtacaíonn sí le síocháin chuimsitheach chóir

⁹

[Moladh ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2025 maidir le cur chuige comhordaithe i leith an aistrithe amach as cosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin, \(IO C, C/2025/5129, 23.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5129/oj\)](http://data.europa.eu/eli/C/2025/5129/oj)

mharthanach, ar bhonn phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus phrionsabail an dlí idirnáisiúnta agus, má bhíonn sos cogaidh inbhuanaithe, tá an Chomhairle réidh le gníomhú i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(b) de Threoir 2001/55/CE.

- (20) Tá Éire faoi cheangal ag Treoir 2001/55/CE agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur chun feidhme an Chinnidh seo.
- (21) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh Cur Chun Feidhme seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An chosaint shealadach a thugtar do dhaoine a easáitíodh ón Úcráin dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382, agus ar cuireadh síneadh léi le Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2409, (AE) 2024/1836 agus (AE) 2025/1460, cuirtear síneadh bliana amháin eile léi, go dtí an 4 Márta 2028.

Airteagal 2

Gan dochar do dhlí an Aontais ná do na cearta bunúsacha, ní dheonófar an chosaint shealadach i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1460 nó arna síneadh i gcomhréir le hAirteagal 1 do dhaoine nach bhfuil i gcomhréir lena n-oibleagáidí míleata dá bhforáiltear i ndlí na hÚcráine, agus ar an gcúis sin nach bhfuil údaráithe ag údarais na hÚcráine leis an Úcráin a fhágáil.

Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le daoine a bhfuil cosaint shealadach acu cheana féin ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 5 Márta 2027, cé is moite d'Airteagal 2, a mbeidh feidhm aige ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán